Réamhfhógra maidir le comhchruinniú

(Cás M.10872 – GEELY / RENAULT / RENAULT KOREA MOTORS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 351/03)

1. An 5 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Geely Automobile Holdings Limited ("Geely", Oileáin Cayman), fochuideachta de Zhejiang Geely Holding Group Co., Ltd. (Daon-Phoblacht na Síne),

— Renault S.A.S. ("Renault", an Fhrainc), fochuideachta de Renault S.A. (an Fhrainc).

Renault Korea Motors Co., Ltd. ("an sprioc"), cuideachta atá corpraithe agus gníomhach sa Chóiré Theas agus atá i seilbh fochuideachta de Renault agus Samsung faoi láthair, gheobhaidh Geely agus Renault comhrialú air de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc. Tá an sprioc á rialú ag Renault amháin faoi láthair.

Is trí cheannach scaireanna atá an comhchruinniú á dhéanamh.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

Déanann Geely gluaisteáin paisinéirí a mhonarú agus a dhíol ar fud an domhain,

Déanann Renault gluaisteáin paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma a mhonarú agus a dhíol, agus soláthraíonn sé páirteanna gluaisteán agus seirbhísí soghluaisteachta.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na sprice:

Gluaisteáin paisinéirí a mhonarú agus a dhíol sa Chóiré Theas agus gluaisteáin paisinéirí a onnmhairiú chuig margaí cóngaracha san Áise.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10872 – GEELY / RENAULT / RENAULT KOREA MOTORS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË